AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.2.2024
COM(2024) 30 final

2024/0049 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2023/003 DE/Vallourec

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Leagtar síos na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1].

2. An 15 Samhain 2023, chuir an Ghearmáin iarratas EGF/2023/003 DE/Vallourec isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí in Vallourec (Vallourec Deutschland GmbH (VAD)) sa Ghearmáin.

3. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig sé ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán (AE) 2021/691, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a dhámhachtain.

ACHOIMRE AR AN IARRATAS

Iarratas ar CED	EGF/2023/003 DE/Vallourec
An Ballstát	An Ghearmáin
An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal NUTS 2[2])	DEA1 (Düsseldorf)
An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach	15 Samhain 2023
An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas	15 Samhain 2023
An dáta a iarradh faisnéis bhreise	29 Samhain 2023
An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar	20 Nollaig 2023
An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích	8 Márta 2024
An critéar idirghabhála	Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691
An príomhfhiontar	Vallourec (Vallourec Deutschland GmbH (VAD))
An líon fiontar lena mbaineann	1
Na hearnálacha lena mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3]	Rannán 24 (Monarú miotal bunúsach)
An tréimhse thagartha (4 mhí):	26 Aibreán 2023 – 26 Lúnasa 2023

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1-56.

[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha	1 518
An líon iomlán tairbhithe incháilithe	1 518
An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú	835
An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR)	4 783 057
An buiséad chun CED a chur chun feidhme[4] (EUR)	191 322
Buiséad iomlán (EUR)	4 974 379
Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR)	2 984 627

MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

Nós imeachta

4. An 15 Samhain 2023, chuir an Ghearmáin iarratas EGF/2023/003 DE/Vallourec isteach laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas ar an dáta céanna, agus, an 29 Samhain 2023, d'iarr sé ar an nGearmáin faisnéis bhreise a sholáthar. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre. An sprioc-am 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur lena mheasúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh, is sprioc-am é a rachaidh in éag an 8 Márta 2024.

Incháilitheacht an iarratais

Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann

5. Baineann an t-iarratas le 1 518 oibrí iomarcach a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Vallourec (Vallourec Deutschland GmbH (VAD)). Tá an fiontar sin ag obair san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2, rannán 24 (Monarú miotal bunúsach). Na hiomarcaíochtaí a rinne an fiontar, is iomarcaíochtaí iad atá lonnaithe i réigiún NUTS 2 Düsseldorf (DEA1).

Na critéir idirghabhála

6. Chuir an Ghearmáin an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear go dtarlódh scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

7. Maireann an tréimhse thagartha 4 mhí don iarratas ón 26 Aibreán 2023 go dtí an 26 Lúnasa 2023. Bhí 1 518 oibrí iomarcach in Vallourec le linn na tréimhse tagartha.

[4] I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

Na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh

8. De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 5, an chéad mhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/691, rinneadh scor ghníomhaíochtaí na 1518 n-oibrí iomarcacha le linn na tréimhse tagartha a ríomh ón dáta a thug an fostóir, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE ón gComhairle[5], fógra i scríbhinn don údarás poiblí inniúil maidir leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta. Sular chuir an Coimisiún an measúnú i gcrích, dheimhnigh an Ghearmáin gur cuireadh na 1 518 n-iomarcaíocht sin i bhfeidhm.

Tairbhithe incháilithe

9. Is é 1 518 duine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta

10. Is iad na himeachtaí ba shiocair leis na hiomarcaíochtaí sin dúnadh shaoráidí táirgthe an fhiontair de bharr an domhandaithe.

11. Is fochuideachta Ghearmánach de Vallourec S.A, an Fhrainc, é an fiontar, Vallourec Deutschland GmbH (VAD). Mhonaraigh an fiontar feadáin chruach theo-rollta gan uaim ag an dá mhuileann cruach atá aige sa Ghearmáin, is é sin sa chathracha comharsanacha Düsseldorf agus Mülheim an der Ruhr. Bunaíodh na muilte cruach, ar a dtugtaí Mannesmannröhren-Werke AG roimhe seo, in 1899 agus 1966 faoi seach.

12. Bhí caillteanais á dtuairisciú ag an bhfiontar ó bhí 2014 ann, agus, mar thoradh air sin, d'fhreagair sé trí roinnt beart athstruchtúraithe agus laghdaithe. In 2018 seoladh Plean Téarnaimh VAD, agus é d'aidhm aige coigilteas suntasach a dhéanamh faoi 2020. D'ainneoin méid áirithe ratha, bhí deacrachtaí breise ann do na muilte feadán Gearmánacha mar thoradh ar an staid eacnamaíoch tar éis phaindéim Covid-19. Ó bhí 2015 ann, cailleadh breis agus 1 400 post cheana féin mar gheall ar athstruchtúrú.

13. An 17 Samhain 2021, chinn bord maoirseachta Vallourec S.A. na muilte feadán Gearmánacha a dhíol, agus an táirgeadh a sheachfhoinsiú go dtí an Bhrasaíl.

14. Cé go bhfuair Vallourec S.A. tairiscintí ó cheannaitheoirí féideartha, ní raibh aon cheann de na tairiscintí inmharthana. An 18 Bealtaine 2022, dhearbhaigh an bord maoirseachta gur theip ar gach iarracht na láithreáin táirgthe a dhíol. D'fhág sé sin go ndúnfaí na láithreáin go cinntitheach, toisc nárbh fhéidir teacht ar aon chomharba chun na saoráidí a oibriú.

15. Leanfaidh an táirgeadh ar aghaidh go dtí go mbeidh an próiseas seachfhoinsithe críochnaithe. Dá bhrí sin, rinneadh an cinneadh na láithreáin a dhúnadh i dtrí chéim. D'fhág an chéad ghrúpa oibrithe an chuideachta faoin 1 Eanáir 2024, fágfaidh an dara grúpa faoin 1 Iúil 2024, agus fágfaidh an tríú grúpa faoin 1 Eanáir 2025.

16. Leanfaidh an fiontar ar aghaidh le gníomhaíochtaí sa Ghearmáin, ach mar chuideachta díolacháin amháin.

An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht

17. Meastar go mbeidh drochthionchar suntasach ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil. Is é réigiún cathrach Rhein-Ruhr an réigiún cathrach is mó daonra sa

[5] Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát um iomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

Ghearmáin, ina bhfuil limistéar Ruhr, réigiún ina bhfuil traidisiún fada de mhianadóireacht guail agus táirgeadh cruach, chomh maith leis na cathracha feadh na Réine. Tá difríochtaí móra idir na margaí fostaíochta áitiúla laistigh den réigiún.

18. Tá cathair Mülheim an der Ruhr ina cuid de limistéar Ruhr, réigiún tionsclaíoch a bhfuil athruithe struchtúracha le sárú aige ó bhí na 1960idí ann. Sa chathair, tá an fhostaíocht monaraíochta ag laghdú. Cailleadh breis agus 21 % de na poist in earnáil na monaraíochta miotail le cúig bliana anuas.[6] Tá an ráta dífhostaíochta 8.0 % (mí na Nollag 2023) ard, agus tá sé ard freisin i gcomparáid le cathracha eile i limistéar Ruhr. Níl cáilíocht ghairmiúil ag thart ar 74 % de na daoine dífhostaithe, agus tá níos mó ná 50 % de na daoine dífhostaithe gan fostaíocht le breis agus bliain anuas.

19. Saintréith de Düsseldorf, atá in aice láimhe, is ea leibhéal an-ard fostaíochta san earnáil threasach, agus tá 88 % de na poist ar an iomlán inti. Ní oibríonn ach 11 % den lucht saothair san earnáil thánaisteach. Tá meath ag teacht ar na poist táirgthe sin, go háirithe i monarú miotail. Baineann dífhostaíocht in Düsseldorf go príomha le daoine nach bhfuil cáilíochtaí gairmiúla foirmiúla acu. Tagann thart ar 60 % de na daoine dífhostaithe faoin gcatagóir sin. Bhí níos mó ná aon trian de na daoine dífhostaithe gan fostaíocht le breis agus bliain.

20. De réir réamh-mheastacháin na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, bunaithe ar fhigiúirí dífhostaíochta mhí Mheán Fómhair 2023, de bharr an dífhostaithe in VAD, thiocfadh méadú 11.6 % ar an ráta dífhostaíochta in Mülheim, agus thiocfadh méadú 5.6 % ar an ráta dífhostaíochta in Düsseldorf, an chathair i bhfad níos mó. Níl próifílí na n-oibrithe iomarcacha ag teacht leis na scileanna atá á lorg ar an margadh fostaíochta. Tá an chuid is mó de na hoibrithe lena mbaineann ag céim níos déanaí ina ngairmeacha beatha, tar éis dóibh a bheith ag obair do Vallourec ar feadh i bhfad, agus leibhéil ísle cáilíochtaí foirmiúla agus cáilíochtaí agus scileanna atá sách as dáta ar an iomlán acu. Dá bhrí sin, is dúshlán é uas-sciliú agus athsciliú na n-oibrithe i gcomhréir le héilimh an mhargaidh saothair ar phoist cháilithe, go háirithe i bhfianaise an líon mór daoine a dífhostaíodh an tráth céanna.

Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus ar athstruchtúrú

21. Thug an Ghearmáin tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú: díreach tar éis an chinnidh na muilte feadán a dhúnadh, chuir bainistíocht an fhiontair agus ionadaithe na bhfostaithe tús leis an gcaibidlíocht maidir le plean sóisialta, agus go háirithe maidir le cuideachta aistrithe a chruthú.

22. De réir údaráis na Gearmáine, níl aon oibleagáid ar an bhfiontar atá ag dífhostú cuideachta aistrithe a chruthú ná ranníocaíocht a dhéanamh i leith cuideachta aistrithe a chruthú. Gan rannpháirtíocht an fhiontair atá ag dífhostú, ní chuirfí aon chuideachta aistrithe ar bun. Más amhlaidh a chinneann an fiontar atá ag dífhostú a bheith rannpháirteach agus go gcomhaontaíonn na comhpháirtithe sóisialta cuideachta aistrithe a chruthú, is le dlí sóisialta na Gearmáine a leagfar an fráma dlíthiúil síos (§§ 110 agus 111, SGB III).

23. Tháinig na páirtithe caibidlíochta ar chomhaontú maidir le cuideachta aistrithe a chur ar bun le haghaidh gach grúpa dífhostuithe. Coimisiúnaíodh gníomhaireacht aistrithe chun na cuideachtaí aistrithe sin a chur ar bun. Chuir an ghníomhaireacht aistrithe tús

[6] Ba cheart a thabhairt faoi deara gur bhain an t-iarratas CED roimhe seo ón nGearmáin, EGF/2020/003 DE/GMH Guss, le dífhostuithe in Mülheim an der Ruhr san earnáil chéanna.

lena cuid oibre an 17 Aibreán 2023. Mar ullmhúchán d'aistriú na n-oibrithe chuig na cuideachtaí aistrithe, thosaigh an ghníomhaireacht aistrithe le bearta próifílithe tosaigh an 4 Deireadh Fómhair 2023.

24. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, thuairiscigh an Ghearmáin gur thairg an fiontar plean luathscoir freisin d'fhostaithe a rugadh in 1966 nó roimhe sin, chomh maith le pleananna foirceanta dheonaigh do dhaoine a bhféadfadh sé nach mbeadh cúnamh de dhíth orthu a thuilleadh chun post nua a fháil.

Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais

25. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Ghearmáin nach bhfaigheadh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais freisin.

26. Comhlánaíonn an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta agus príobháideacha eile, is é sin na gníomhaíochtaí sin a thairgeann an chuideachta aistrithe.

Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

27. Chuir an Ghearmáin in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691. Go luath ina dhiaidh sin, phléigh an conraitheoir tríú páirtí a coimisiúnaíodh chun an chuideachta aistrithe a chur ar bun agus údaráis na Gearmáine bealaí chun an tsraith beart a threisiú agus a mhéadú le cuidiú ó CED.

28. Ó bhí mí na Samhna 2022 ann, chuaigh Údarás Bainistíochta CED na Gearmáine i mbun plé leis an bhfiontar atá ag dífhostú, leis an gconraitheoir tríú páirtí a coimisiúnaíodh chun an chuideachta aistrithe a chur ar bun, leis an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta, chomh maith le húdaráis Stát Cónaidhme Nord Rhein–Westfallen faoi seach, maidir le hiarratas féideartha CED. An 13 Feabhra 2023, comhaontaíodh plean gníomhaíochta comhpháirteach le linn plé comhchéime faoi rannpháirtíocht an chonraitheora tríú páirtí, Údarás Bainistíochta CED, na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta, an fhiontair atá ag dífhostú agus ionadaithe na bhfostaithe. Chuathas i gcomhairle le hionadaithe na gceardchumann agus tugadh cuireadh dóibh freastal ar an gcruinniú comhchéime, ach ní raibh siad in ann a bheith rannpháirteach i ngeall ar ghealltanais eile.

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú

29. Meastar gur 835 an líon oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas miondealú na n-oibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéil oideachais:

Catagóir		An líon tairbhithe a mheastar a bheidh ann	
Inscne:	Fir:	798	(95,6 %)

	Mná:	37	(4,4 %)
	Neamh-dhénártha	0	(0 %)
Aoisghrúpa:	Faoi bhun 30 bliain:	53	(6,4 %)
	30-54 bliana:	614	(73,5 %)
	Os cionn 54 bliana:	168	(20,1 %)
Leibhéal oideachais	Oideachas meánscoile sóisearach, nó níos lú ná sin[7]	77	(9,2 %)
	Oideachas meánscoile sinsearach [8] nó oideachas iar-mheánscoile[9]	667	(79,9 %)
	Oideachas treasach[10]	91	(10,9 %)

Bearta atá beartaithe

30. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha:

– Bearta Uas-scilithe: Tairgtear iad sin tar éis agallaimh phróifílithe agus agallaimh ghairmthreorach, i gcomhréir le leasanna pearsanta gairme agus éilimh an mhargaidh fostaíochta. Is féidir cúrsaí a sholáthar do dhaoine aonair nó do ghrúpaí. Ós rud é go bhfuil cúlra imirceach ag 30 % de na hoibrithe iomarcacha, tairgfear cúrsaí Gearmáinise do na rannpháirtithe sin nach bhfuil ardchumas sa Ghearmáinis acu. I gcás rannpháirtithe ag a bhfuil leibhéal íseal scileanna digiteacha, tairgfear cúrsaí speisialaithe i mbunscileanna digiteacha. Is féidir leis na rannpháirtithe sin a théann i mbun fostaíochta páirt a ghlacadh sna bearta sin fós.

– Treoirchomhairleoireacht agus bearta gairm-threoshuímh / gníomhachtaithe gairme: Ar bhonn na n-agallamh tosaigh próifílithe, tabharfaidh treoirchomhairleoirí eolas faoi fhorbairtí sa mhargadh fostaíochta agus faoi chonairí gairme a d'fhéadfadh a bheith ann, agus cuirfidh siad cúnamh agus tacaíocht spreagthach inspioráideach ar fáil d'iarratasóirí. Spreagfar oibrithe chun a gcuid scileanna a uasghrádú nó chun scileanna nua a fhoghlaim agus chun páirt a ghlacadh i mbearta oideachais agus oiliúna atá dírithe ar fhostaíocht nua a aimsiú. Tacaítear leis sin trí thrialacha inniúlachta agus pearsantachta a úsáid. Beidh fóraim ghrúpa ann freisin i bhfoirm piarghrúpaí agus ceardlann, le cabhair ó éascaitheoir, fóraim a chabhróidh le rannpháirtithe

7 ISCED 0-2
8 ISCED 3
9 ISCED 4
10 ISCED 5-8

smaointe a mhalartú agus machnamh a dhéanamh ar a dtaithí. Díríonn roinnt piarghrúpaí ar rannpháirtithe a bhfuil cúlra coiteann acu: máithreacha singile nó rannpháirtithe níos sine. Beidh pacáiste sonrach digiteach de bhearta cúnaimh i bhfoirm aip fóin chliste ag gabháil leis na tairiscintí sin. Díreofar a thuilleadh ar bhearta lena ndírítear ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach na rannpháirtithe a chobhsú agus a fheabhsú.

– Seirbhísí comhairleacha le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta: Is é a bheidh i gceist leis na seirbhísí comhairleacha pacáiste seirbhísí comhairleacha le haghaidh daoine ar spéis leo a ngnólacht féin a chur ar bun. Beidh bearta cóitseála saincheaptha san áireamh sna seirbhísí sin mar aon le seisiúin chóitseála i ngrúpaí.

– Deontais do ghnólachtaí nuathionscanta: Tairgfear na deontais seo dóibh siúd a chinneann a ngnó féin a thosú. Is féidir na deontais a úsáid le haghaidh infheistíochtaí i dtrealamh, ach is féidir iad a úsáid freisin le haghaidh áitreabh gnó a fháil ar cíos nó le haghaidh cóitseáil nó oiliúint bhreise le linn na céime tionscnaimh.

– Cúnamh cuardaigh poist: Oibreoidh scabhtaí gairmiúla fostaíochta chun teacht ar fholúntais fhéideartha phoist nár foilsíodh fós agus a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'oibrithe incháilithe. Ina theannta sin, eagrófar imeachtaí cuardaigh post éagsúla, amhail aontaí poist.

– Dreasachtaí uas-scilithe: Is féidir na dreasachtaí sin a íoc tar éis rannpháirtíocht rathúil i mbearta áirithe. Cé acu a bhainfear nó nach mbainfear úsáid as dreasachtaí, agus cad iad na suimeanna a d'íocfaí, beidh an méid sin ag brath ar chineál, leibhéal agus fad an bhirt.

– Tuilleadh dreasachtaí: Beidh na dreasachtaí sin dírithe go príomha ar rannpháirtithe a lánpháirtiú sa mhargadh fostaíochta, agus is féidir iad a íoc mar bhónas as dul i mbun fostaíochta le linn fhad na cuideachta aistrithe nó is féidir iad a íoc i bhfoirm forlíontaí tuarastail. Is é is aidhm d'fhorlíontaí den sórt sin dreasacht a chur ar fáil chun go nglacfar le fostaíocht nua, fiú má bhíonn tuarastal na fostaíochta nua níos ísle ná tuarastal an phoist roimhe sin.

– Liúntas oiliúna: Tosaítear ar íocaíochtaí a dhéanamh ón dáta a théann an t-oibrí isteach sa chuideachta aistrithe agus stoptar den íocaíocht a dhéanamh a luaithe a fhágann an duine an chuideachta aistrithe. Is réamhriachtanas é a bheith rannpháirteach i mbearta gníomhacha sa mhargadh saothair chun liúntas a fháil.

31. Bunscileanna digiteacha (Digitale Grundqualifizierung): Freastalaíonn an beart sin ar scaipeadh na scileanna a bhfuil gá leo sa ré dhigiteach thionsclaíoch, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691. Tá an beart sin dírithe go háirithe ar na rannpháirtithe sin nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu nó nach bhfuil mórán scileanna digiteacha acu. Cuirfear ríomhairí glúine ar fáil do rannpháirtithe ionas gur féidir leo an cúrsa a leanúint agus cleachtadh a dhéanamh sa bhaile. Tabharfar aird ar leith ar scileanna feidhmeacha a chuidíonn le rannpháirtithe uirlisí idirlín a úsáid chun post a chuardach.

32. A mhéid a bhaineann le scaipeadh na scileanna a bhfuil gá leo i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, a cheanglaítear freisin le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691, dearbhaíonn an Ghearmáin go bhfuil oibleagáid ar an soláthraí seirbhíse seachtrach a coimisiúnaíodh chun na cuideachtaí aistrithe a bhainistiú, trí

chomhaontú conarthach, scaipeadh na scileanna sin a áirithiú mar phrionsabal cothrománach ar fud shraith na mbeart a thairgtear. Tabharfar aird bhreise ar chur chun cinn na bpost a chuidíonn le dícharbónú an gheilleagair a spreagadh, amhail innealtóirí inneall féinghluaiste.

33. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad atá laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

34. Chuir an Ghearmáin eolas ar fáil maidir le gníomhaíochtaí a rinneadh cheana chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha. Chaill an chéad ghrúpa oibrithe a bpost an 31 Nollaig 2023. Cé gur tairgeadh na chéad bhearta scagtha roimh an dífhostú, bhí na hoibrithe iomarcacha in ann tairbhiú den tsraith iomlán beart a thairg an chuideachta aistrithe ón 1 Eanáir 2024.

35. Sholáthair an Ghearmáin an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, dheimhnigh an Ghearmáin nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

Buiséad measta

36. Is é EUR 4 974 379 luach na gcostas measta ina n-iomláine, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 4 783 057 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 191 322 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

37. Is é EUR 2 984 627 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

38. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m), de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an Ghearmáin gurb iad an buiséad cónaidhme agus Bundesagentur für Arbeit (an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta) a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

Bearta	An líon measta rannpháirtithe	An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[11]	Costais mheasta iomlána *(EUR)*[12]
Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691)			
Bearta uas-scilithe (Qualifizierungsmaßnahmen)	425	3 681	1 564 456

[11] Chun deachúlacha a sheachaint, déantar an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Ghearmáin isteach.

[12] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

Treoirchomhairleoireacht agus bearta gairm-threoshuímh / gníomhachtaithe gairme (Berufsorientierung und-beratung /Aktivierungsmaßnahmen)	835	793	662 617
Seirbhísí comhairleacha do ghnólachtaí nuathionscanta (Existenzgründungsberatung)	18	2 187	39 369
Deontais do ghnólachtaí nuathionscanta (Existenzgründungsförderung)	18	21 871	393 685
Cúnamh maidir le cuardach poist (Beratung und Stellenakquise)	835	538	449 649
Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe	–		3 109 776 (65,02 %)
Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691)			
Dreasachtaí uas-scilithe (Weiterbildungsprämien)	250	787	196 843
Tuilleadh dreasachtaí (Weitere Prämien)	120	3 280	393 685
Liúntas oiliúna (Transferkurzarbeitergeld)	835	1 296	1 082 753
Fo-iomlán (b): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe:	–		1 673 281 (34,98 %)
Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691			
1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin	–		28 698
2. Bainistíocht	–		95 661
3. Faisnéis agus poiblíocht	–		9 566
4. Rialú agus tuairisciú	–		57 397
Fo-iomlán (c): An céatadán de na costais iomlána:	–		191 322 (3,85 %)
Costais iomlána (a + b + c):	–		4 974 379
Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána)	–		2 984 627

39. Costais na mbeart atá sainaitheanta sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691, ní mó iad ná 35 % de chostais iomlána an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Ghearmáin go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, is é sin nach mór do na

tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

40. I gcomhréir le hAirteagal 7(2), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/691, dheimhnigh an Ghearmáin nach mbeidh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ó fhostaithe níos mó ná EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí.

Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais

41. An 1 Nollaig 2023, chuir an Ghearmáin tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Nollaig 2023 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

42. An 1 Eanáir 2023, thosaigh an Ghearmáin ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe, beidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Eanáir 2023 go dtí 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

Córais bhainistíochta agus rialaithe

43. Déantar tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Chuir an Ghearmáin in iúl don Choimisiún, maidir leis na comhlachtaí laistigh den Aireacht Chónaidhme um Shaothar agus Gnóthaí Sóisialta (Bundesministerium für Arbeit und Soziales) a bhainistíonn Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), go ndéanfadh siad an ranníocaíocht airgeadais a bhainistiú freisin. Cé go mbíonn ‘Gruppe Europäische Fonds für Beschäftigung’ ag gníomhú mar an údarás bainistíochta, is é ‘Organisationseinheit Prüfbehörde’ an t-údarás rialaithe le haghaidh na gcistí sin, ar comhlacht é atá neamhspleách ó thaobh eagrúcháin de. Ina theannta sin, bhainistigh na comhlachtaí sin na ranníocaíochtaí a chuir CED ar fáil don Ghearmáin roimhe seo. Maidir le roinnt de na cúraimí atá ar údarás bainistíochta CED, tá siad tarmligthe go buan chuig PES trí chomhaontú riaracháin.

Gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann

44. Thug an Ghearmáin na dearbhuithe go léir a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh-idirdhealú sa mhéid a bhaineann leis an rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na mbeart sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– maidir le Vallourec a lean dá chuid gníomhaíochtaí tar éis dó na daoine lena mbaineann a leagan as, chomhlíon sé a chuid oibleagáidí dlíthiúla agus rinne sé riar ar a chuid oibrithe dá réir,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le Státchabhair.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Togra buiséadach

45. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[13].

46. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú maidir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/691, agus tar éis dó an líon tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún CED a shlógadh le haghaidh EUR 2 984 627, suim arb í 60 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe í, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

47. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691, agus mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, chomh maith le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[14].

Gníomhartha gaolmhara

48. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 2 984 627 a aistriú chuig an líne bhuiséadach ábhartha.

49. An tráth céanna a ghlac an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, ghlac sé cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[15]. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra go bhfuil an t-aistriú buiséadach formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

---

13 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

14 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 29.

15 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1)

2024/0049 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2023/003 DE/Vallourec

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[16], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, chomh maith le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[17], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[18] agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 15 Samhain 2023, chuir an Ghearmáin iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí na n-oibrithe in Vallourec (Vallourec Deutschland GmbH (VAD)) san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoin Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[19], Athbhreithniú 2, rannán 24 (Monarú miotal bunúsach) in Düsseldorf (DEA1) na Gearmáine, réigiún de leibhéal 2 d'Aicmiú

[16] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[17] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 29

[18] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

[19] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh ('NUTS')[20]. Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, á gcomhlíonadh ag an iarratas sin ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh Cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 2 984 627 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Ghearmáin isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2024, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 2 984 627 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*] *.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

[20] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1-56.

[21] COM(2024)30

* Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú san Iris Oifigiúil.